25 Márta 2020

A Phríomhoide agus a Mhúinteoirí,

Tagraím do mo litir chugaibh uile ar 13 Márta, a d'eascair ón gcinneadh a d'fhógair an Taoiseach ar 12 Márta, scoileanna a dhúnadh do scoláirí. I mo litir d'iarr mé oraibh uile, mar fhoireann scoile, dul i mbun oibre le socruithe a dhéanamh chun leanúint ag soláthar oideachais dár scoláirí sna tréimhsí neamhghnáthacha seo. Mar mhúinteoirí agus mar phríomhoidí, bíonn ról tábhachtach agaibh i saolta daoine óga agus tá tacaíocht go leanúnach uaibhse ríthábhachtach le linn na géarchéime reatha sa tsláinte phoiblí.

Is mian liom aitheantas a léiriú agus buíochas a chur in iúl don obair ollmhór atá déanta agaibh ó shin chun leanúnachas foghlama a sholáthar trí ardáin ar líne, ríomhphoist agus acmhainní eile, go háirithe i suíomhanna ina bhfuil na hacmhainní digiteacha níos teoranta. Táim faoi chomaoin freisin ag baill foirne eile as an obair atá déanta acu chun tacú leis an iarracht seo, mar shampla, trí fhoirgnimh scoile a chur ar fáil do mhúinteoirí chun ábhair agus acmhainní teicneolaíochta a rochtain. Mar atá cloiste agaibh, tá fógra breise tagtha ón Taoiseach ag tabhairt le fios, de réir na comhairle ar shláinte phoiblí, go leanfaidh dúnadh na scoileanna go dtí 19 Aibreán.

Mar aon le teagmháil go leanúnach a choinneáil leis na scoláirí, tá teachtaireacht ríthabhachtach amháin a bhféadfadh sibh cuidiú leis agus is é sin a léiriú do scoláirí gur gá, thar aon ní eile, scarúint shóisialta agus fhisiciúil a chleachtadh, agus teagmháil fhisiciúil lena chéile a íoslaghdú, chun cuidiú le scaipeadh Covid-19 a mhaolú. Ba chóir comhairle a chur san áireamh faoi theacht le chéile a sheachaint agus cloí i ngach cás le treoirlínte FSS. Mar chuid de phobal do scoile, ba chóir tuismitheoirí agus caomhnóirí a ghríosadh freisin chun tacú lena leanaí cloí leis na srianta ar a bheith ag bailiú le chéile, ar mhaithe le sábháilteacht a bpobal uile.

Chun tacú libh agus sibh ag díriú ar an teachtaireacht thábhachtach faoin tsláinte phoiblí a chur in iúl do phobail do scoilse, tá fáil ar fhógraí eolais (i 17 dteangacha éagsúla) anseo: www.hse.ie/eng/services/news/newsfeatures/covid19-updates/partner-resources/covid- 19-translated-resources/

Tá an Roinn ag obair, i gcomhthéacs dhúntaí reatha na scoileanna, chun tuilleadh treorach agus tacaíochta a sholáthar don teagasc agus don fhoghlaim. Tá sé tábhachtach go ndeimhnítear go mbíonn tacaíocht ar fáil do gach scoláire ar bhealach pleanáilte agus comhsheasmhach ionas gur féidir leo leanúint lena bhfoghlaim. Ar ndóigh, aithnímid gur sibhse is fearr a thuigeann bhúr scoláirí féin agus gur sibh a thuigeann cén úsáid is fearr is féidir a bhaint as an raon acmhainní atá ar fáil, go digiteach agus ar aon bhealach eile, don ghafacht ghníomhach le bhúr scoláirí féin, ar bhealach oiriúnaithe.

Tá iarracht chomhoibríoch ag tarlú, idir an Roinn, comhlachtaí bainistíochta agus páirtnéirí eile, chun tuilleadh tacaíochta agus comhairle a fhorbairt agus cuirfear iad seo ar fáil go leanúnach.

Tá an suíomh seo ag éabhlóidiú agus tá sé ríthábhachtach, de réir mar a leanann an córas oideachais, gur féidir freagairt don chomhairle ar shláinte phoiblí mar a bhíonn sí ag teacht chun cinn. I rith na géarchéime, beidh leanúnachas san oideachas thar a bheith tábhachtach do scoláirí ag gach leibhéal den earnáil oideachais. Sa chomhthéacs sin, táthar ag súil go mbeidh gach scoil réamhghníomhach lena chinntiú go mbíonn gach ball foirne páirteach ionas go leanfaidh an soláthar oideachais dá scoláirí le linn na tréimhse seo. Sa chomhthéacs sin, cé go bhfuil scoileanna dúnta do scoláirí, is féidir le múinteoirí dul go dtí an scoil má bhíonn gá acu dul isteach ina seomraí ranga, nó fáil a bheith acu ar threalamh TFC nó ar acmhainní teagaisc eile, ach a chinntiú go gcloítear le comhairle FSS.

Mar a tugadh le fios cheana, tá roinnt tacaíochtaí ar fáil ar Scoilnet ar féidir úsáid a bhaint astu sa bhaile agus beidh múinteoirí agus scoláirí ábalta leas a bhaint astu agus beidh an t-ábhar atá ar fáil á uasdátú go rialta ag Scoilnet ar a láithreán gréasáin.

Mar aon leis sin, tá leathanach nua ar leith curtha le chéile ag foireann Teicneolaíochta Digití na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ina bhfuil ábhar tacaíochta do scoileanna agus do mhúinteoirí atá páirteach sa chianfhoghlaim ionas gur féidir leanúnachas a sholáthar do dhaltaí /scoláirí. Tá an leathanach seo ar fáil ag: www.pdst.ie/distancelearning.

Tréimhse an-dúshlánach í seo do scoileanna, do mhúinteoirí, do scoláirí agus do thuismitheoirí. Tá sé thar a bheith tábhachtach, i rith an ama seo, go leanaimid orainn ag obair as lámha a chéile agus go mbímid dírithe ar na torthaí is fearr ar fad a ghnóthú dár scoláirí. Beidh an tacaíocht ó gach duine ar fud na hearnála ríthábhachtach, agus sinn uile ag déanamh gach iarracht lena dheimhniú go bpléitear leis an mbagairt don tsláinte phoiblí ar an mbealach is éifeachtaí. Beidh uasdátú á sholáthar go rialta ar an treoir atá á chur ar fáil ag Seirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) na Roinne seo do thuismiitheoirí, do dhaoine óga agus do mhúinteoirí, agus tá fáil air ag www.education.ie/covid19

Beidh an Roinn Oideachais Scileanna, a gníomhaireachtaí agus a seirbhísí tacaíochta ar fáil i gcónaí agus ag cur comhairle agus tacaíochtaí ar fáil don earnáil oideachais ag an am seo.

Le dea-mhéin

Seán Ó Foghlú

Seán Ó Foghlú
Ard-Rúnaí